# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013

## LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL

**(300 marc)**

DÉ hAOINE, 14 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna ar **DHEICH dTOPAIC** ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Na Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Na Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Na Topaicí 8 go 10.

- Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **CHEITHRE THOPAIC** mar seo a leanas:
  Ní mór topaic amháin a roghnú as *gach ceann* de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.

- Ní mór d'iarrthóirí **SÉ CHEIST** a fhreagairt mar a leanas as na **CEITHRE** thopaic a roghnaíonn siad:

  Ní mór d'iarrthóirí **dhá** cheist a fhreagairt as dhá cheann de na topaicí a roghnaíonn siad agus ceist **amháin** as **gach** ceann den dá thopaic eile a roghnaíonn siad.

- Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist. Tá 300 marc san iomlán ag gabháil leis an bpáipéar.

- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar, marcáilte le **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.



**Thall**

## GRÚPA 1: Na Topaicí 1 go 4

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.**

(i) (a) Déan cur síos ar an bpáirt a d'imir Pagodonas, ceannasaí na Téibhe, i gCath Delium a troideadh idir na hAithnigh agus na Béóitiaigh in 424 R.Ch. (35)

(b) Conas a d'éirigh leis na Béóitiaigh seilbh a fháil ar theampall daingnithe Delium ar deireadh thiar? (15)

(ii) (a) Le linn na Díospóireachta i Sparta in 432 R.Ch., cé na hargóintí a chuir toscaireacht na Corainte chun cinn i bhfabhar na cogaíochta leis an Aithin? (25)

(b) Conas a d'fhéach cainteoirí na hAithne le cur ina luí ar Sparta gan dul i mbun cogaíochta? (25)

(iii) (a) In 414 R.Ch. sheol an ginearál Aithneach Nicias litir ón tSicil go dtí na hAithnigh. Tabhair breac-chuntas ar a raibh sa litir sin. (30)

(b) Conas a d'fhreagair na hAithnigh do litir Nicias? (20)

(iv) Scríobh nótaí **ar bheirt ar bith** díobh seo a leanas:

Gylippus, an ginearál Spartach; Agis, an Rí Spartach; Peiricléas, an polaiteoir Aithneach. (25, 25)

---

**Topaic 2. Alastar Mór.**

(i) In Iseas sa bhliain 333 R.Ch. chuaigh Alastar chun comhraic ina chéad chath in aghaidh Dháirias.

(a) Déan cur síos achomair ar chúrsa an chatha. (35)

(b) Conas a chaith Alastar le clann Dháirias i ndiaidh an chatha? (15)

(ii) Seacht mí a mhair léigear na Tuíre in 332 R.Ch.

(a) Cén fáth a raibh Alastar chomh meáite sin ar an gcathair a ghabháil? (10)

(b) Conas mar a bhí na cosantóirí in ann cur in aghaidh arm Alastair chomh fada sin? (30)

(c) Nuair a ghabh Alastar an Tuír, conas a chaith sé leis na daoine a bhí ina gcónaí sa chathair? (10)

(iii) In 326 R.Ch. dhiúltaigh arm Alastair Abhainn Hyphasis a thrasnú.

(a) Cé na hargóintí a d'úsáid Alastar nuair a d'fhéach sé le cur ina luí ar a chuid fear leanúint ar aghaidh? (25)

(b) Cé na hargóintí a d'úsáid Coenus nuair a d'fhéach sé le cur ina luí ar Alastar gur chóir dóibh casadh ar ais? (25)

(iv) Scríobh nótaí **ar bheirt ar bith** díobh seo a leanas:

Oilimpias, máthair Alastair; Roxane, bean chéile Alastair; Pairméinión, ginearál Alastair. (25, 25)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.**

(i) Ón léamh atá déanta agat ar dhánta Chatallus, cad a d'fhoghlaim tú faoina phearsantacht? Mínigh do fhreagra. (50)

(ii) In 45 R.Ch. scríobh Cicearó litir chuig a chara Atticus inar chuir sé síos ar chuairt a thug Caesar agus a lucht leanúna ar a bhailtín in Pozzuoli.

(a) Déan cur síos ar ar tharla le linn na cuairte. (35)

(b) Cad a léirítear sa litir faoin gcaidreamh idir Caesar agus Cicearó an tráth sin? (15)

(iii) Nuair a bhí Iúil Caesar ag filleadh ar muir as an mBitín, ghabh foghlaithe mara as an gCilic é.

(a) Déan cur síos ar iompar Chaesair i leith an dreama a ghabh é nuair a bhí sé ina phríosúnach acu. (25)

(b) Cad a tharla do na foghlaithe mara nuair a lig siad amach Caesar? (15)

(c) Cad a thaispeánann an eachtra seo faoi charachtar Chaesair, dar leat? (10)

(iv) (a) Dar le Sallaistias, cén cineál fir ba ea Caitilíne? (15)

(b) Tabhair breac-chuntas ar an gComhcheilg Chaitilíneach. (35)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.**

(i) (a) Tabhair cuntas ar ghníomhréim Mharcas Antaine, ó bhás Iúil Caesar in 44 R.Ch. anuas go dtí Cath Aictiam in 31R.Ch. (40)

(b) Déan cur síos ar conas mar a fuair Cléópatra agus Marcas Antaine bás go luath i ndiaidh Chath Aictiam. (10)

(ii) "Cibé scéal é, bhí sé de chlú air uaidh sin amach gurbh fhear mór ban é." (*Beatha Ágastas* le Séatóinias)

Cén fhianaise a thugann Séatóinias a thugann le fios gurbh "fhear mór ban" Ágastas? (50)

(iii) Ón staidéar atá déanta agat ar shaothar Shéatóinias agus Thacatas cén tuairim a bhfuair tú de charachtar Thibir? Déan tagairt d'eachtraí ina shaol i do fhreagra. (50)

(iv) Scríobh nótaí **ar bheirt ar bith** díobh seo a leanas:

Livia, bean cheile Ágastas ; Cléópatra, Banríon na hÉigipte; Agrippina, bean chéile Chláidias. (25,25)

---



**Thall**

## GRÚPA II: Na Topaicí 5 go 7

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.**

(i) (a) Conas mar a rinneadh Rí na Téibhe d'Éideapús? (15)

(b) An dóigh leat gur rí maith ar na Téibhigh é Éideapús? Mínigh do fhreagra le tagairtí don dráma *Éideapús Rí*. (35)

(ii) (a) Cén scéal a thugann Créón go dtí an Téibh ó Oracal Apalló i nDeilfe? (15)

(b) Cad é a d'fhoghlaim Laius agus Jocasta ó Oracal Apalló roinnt mhaith blianta roimhe seo? (15)

(c) Cad é a d'fhoghlaim Éideapús féin nuair a thug sé cuairt ar Oracal Apalló agus cad a rinne sé dá barr? (20)

(iii) (a) Nuair a chas Méidé agus Iasón ar a chéile den chéad uair, chuir sí míbhuíochas agus feall ina leith. Cé na cúiseanna a thugann sí leis na cúisimh sin? (25)

(b) Cé na hargóintí a úsáideann Iasón ag féachaint len é féin a chosaint ar chúisimh Mhéidé? (25)

(iv) Imíonn an príomhcharachtar go drámata i ndeireadh *Méidé* le hEoiripidéas.

(a) Déan cur síos ar an teagmháil dheireanach idir Iasón agus Méidé. (35)

(b) An bhfuil an críoch sásúil nó míshásúil, dar leat? Mínigh do fhreagra. (15)

---

**Topaic 6. An Eipic Ársa.**

(i) (a) Déan cur síos ar a tharla nuair a thug Aeólas mála na ngaoth d'Odaiséas. (40)

(b) Cén duine ba mhó a raibh an locht air sa tubaiste seo? Tabhair cúis le do fhreagra. (10)

(ii) (a) Tabhair cuntas ar an gCath sa Halla a troideadh idir na Suirígh agus Odaiséas. (35)

(b) Ar thuill na Suirígh a gcuid pionóis, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iii) Tabhair breac-chuntas ar an bpáirt a d'imir an bandia Véineas, máthair Aeinéas i Leabhair 1-6 den *Aeinéid* le Veirgil. (50)

(iv) (a) Déan cur síos ar chuntas Aeinéas ar a iarrachtaí chun a chlann a shábháil an oíche ar scriosadh an Traí. (35)

(b) Cad a insíonn taibhse Chreusa, a bhean chéile, d'Aeinéas nuair a chasann siad ar a chéile? (15)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.**

(i) San *Aeinéid*, déanann Veirgil cur síos ar an turas a rinne Aeinéas agus an tSibil sa Domhan Thíos.

(a) Déan cur síos ar na huafáis agus ar na harrachtaí a chastar ar Aeinéas ar a thuras go dtí an Domhan Thíos. (35)

(b) Conas a mhíníonn an tSibil na sluaite anamacha a bhí ar bhruach na habhann? (15)

(ii) (a) Cad iad an dá achainí a dhéanann Proipeirtias ina dhán, *An Dá Achainí*, agus cé air a ndéanann sé na hachainíocha seo? (10)

(b) Cad é a d'fhoghlaim tú ón dán seo faoi dhearcadh Phroipeirtias i leith an ghrá? (10)

(c) An dóigh leat go raibh Sointia ina cúis sonais i saol Phroipeirtias? Tacaigh le do fhreagra le tagairtí do dhánta faoi Shointia ar do chúrsa. (30)

(iii) (a) Tabhair cuntas ar conas a casadh Horáit leis an Leadránaí ina dhán *An Leadránaí.* (30)

(b) An aontaíonn tú gur dán greannmhar é *An Leadránaí*? Déan tagairt don dán mar thacaíocht le do fhreagra. (10)

(c) Cad é a insíonn an dán seo dúinn faoi charachtar Horáit? (10)

(iv) "Bhí anbhá ollmhór sa chathair." (*Cogaíocht Aicmeach* le Livias)

(a) Mínigh cén fáth a raibh anbhá dá leithéid sa Róimh, dar le Livias. (15)

(b) Tabhair breac-chuntas ar an bpáirt a d'imir Menenius Agrippa i réiteach na géarchéime. (25)

(c) Cad a dheonaigh an tSeanaid do na gnáthshaoránaigh? (10)

---

**GRÚPA III: Na Topaicí 8 go 10**

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.**

(i) (a) Ainmnigh an foirgneamh a léirítear i bh**Fótagraf A** ar **Pháipéar X** agus luaigh an áit a bhfuil sé. (15)

(b) Ainmnigh an dá ord de cholúin Ghréagacha a léirítear sa struchtúr seo agus déan cur síos ar a bpríomhghnéithe. (25)

(c) Déan cur síos ar an úsáid a baineadh as foirgneamh den chineál seo sa tSean Ghréig. (10)

(ii) (a) Ainmnigh an dealbh cháiliúil a léirítear i bh**Fótagraf B** ar **Pháipéar X.** (10)

(b) Ainmnigh an dealbhóir. (10)

(c) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? (10)

(d) Cad iad na gnéithe den dealbhóireacht seo atá ina n-eiseamláirí tipiciúla den tréimhse seo? (20)

(iii) (a) Ainmnigh an dealbh a léirítear i bh**Fótagraf C** ar **Pháipéar X.** (10)

(b) Cá háit a raibh an dealbh seo suite i dtosach? (10)

(c) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? (10)

(d) Cad iad togha na ngnéithe den dealbhóireacht seo, dar leat? (20)

(iv) (a) Ainmnigh an rilíf mhóideach a léirítear i bh**Fótagraf D** ar **Pháipéar X.** (10)

(b) Mínigh cad a chiallaíonn "rilíf mhóideach". (15)

(c) Cad atá taitneamhach sa dealbh seo, dar leat? (15)

(d) Cá háit a mbeadh an cineál seo den rilíf mhóideach le fáil? (10)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.**

(i) (a) Cé na hargóintí a úsáideann Sócraitéas chun a dhearcadh a chosaint, "gur chóir d'fhir agus do mhná na gairmeacha céanna a shaothrú, in ainneoin na ndifríochtaí ollmhóra aiceanta eatarthu"? (*An Phoblacht* le Platón) (35)

(b) An aontaíonn tú lena chuid argóintí? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(ii) "Cén cineál scéalta atá i gceist agat agus cén locht a fhaigheann tú iontu?" (*An Phoblacht,* le Platón)

(a) Tabhair samplaí den chineál scéalta ba mhaith le Sócraitéas a chosc. (15)

(b) Cén fáth a ndéanann na scéalta seo dochar do pháistí, dar le Sócraitéas? (25)

(c) An aontaíonn tú le Sócraitéas? Mínigh do fhreagra. (10)

(iii) (a) Cén fáth a bhfuil sé deacair a bheith i do fhealsamh. dar le Sócraitéas? (15)

(b) Cé na hargóintí a úsáideann Sócraitéas le cruthú nach bhfuil na fealsúna gan mhaith mar bhaill de shochaí? (35)

(iv) "Ní mór do na Rialtóirí agus do na Saighdiúirí Cúnta saol dian simplí a chaitheamh." (*An Phoblacht* le Platón) Tabhair cuntas ar an tslí mhaireachtála a mholann Sócraitéas dá Rialtóirí agus dá Shaighdiúirí Cúnta. (50)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.**

(i) (a) Ainmnigh Áirse an Bhua a léirítear i bh**Fótagraf E** ar **Pháipéar X.** (10)

(b) Cén fáth ar thóg na Rómhánaigh áirsí an bhua ar fud a gcuid réigiún? (10)

(c) Agus na téarmaí cearta ailtireachta á n-úsáid agat, déan cur síos iomlán ar an áirse seo. (30)

(ii) Léiríonn **Fótagraf F** ar **Pháipéar X** dealbh d'fhear a bhfuil dealbha brád á n-iompar aige.

(a) Déan cur síos ar conas mar atá an fear gléasta. (5)

(b) Cad é a insíonn éadaí an fhir dúinn faoina stádas sa tsochaí Rómhánach? (10)

(c) Cad hiad na gnéithe den dealbhóireacht seo atá ina n-eiseamláirí tipiciúla den dealbhóireacht Rómhánach, dar leat? (35)

(iii) Léiríonn **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** múrealaín ó Herculaneum.

(a) Ainmnigh an stíl phéintéireachta lena mbaineann an saothar seo. (10)

(b) Déan cur síos ar na gnéithe tipiciúla den stíl phéintéireachta seo. (30)

(c) Cén cuspóir a bhain le péintéireacht dá leithéid? (10)

(iv) Léiríonn **Fótagraf H** ar **Pháipéar X** an taobh istigh den Phaintéón sa Róimh.

(a) Conas a fuair an Paintéón a ainm? (10)

(b) Ainmnigh an tImpire a thóg an Paintéón. (10)

(c) Déan cur síos iomlán ar an taobh istigh den Phaintéón. (30)

---

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán